



Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: (01) 6294 110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie

Samhain 2021

A Chairde,

Tá bainisteoir sainspioraid agus athchumraithe ceapaithe ag an bhForas Pátrúnachta chun tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an sainspiorad scoile agus leis an bhfreastal a dhéantar ar an bpobal scoile iomlán ina leith.

Ó bunaíodh *An Foras Pátrúnachta* tá chuile iarracht déanta againn freastal ar gach páiste sna scoileanna faoinár bpátrúnacht. Chuige seo, cuirtear oideachas lán-Ghaeilge le sainspiorad ilchreidmheach, idirchreidmheach agus Caitliceach ar fáil do pháistí inár scoileanna. Le blianta beaga anuas, tá athruithe tagtha ar an sochaí agus ar an gcóras oideachais in Éirinn dá bharr.

Tá sár-obair ar siúl sna scoileanna ach tuigimid go bhfuil dúshlán fós ann mar gheall ar an ilchineálacht chultúrtha atá le feiceáil sna scoileanna féin. Aithnímid an dúshlán freastal cuimsitheach a dhéanamh ar na páistí uile, ach go háirithe orthu siúd nach mian leo clár sainchreidmheach ar leith a leanúint.

Chun cabhrú le scoileanna dul i ngleic leis an gceist seo, teastaíonn ó *An Foras Pátrúnachta*, le tacaíocht ón Roinn Oideachais, deis a thabhairt do scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin maidir leis na dúshlán sin agus maidir le cúrsaí sainspioraid i gcoitinne.

Mar chuid den phróiseas seo, beidh deis ag scoileanna machnamh a dhéanamh ar:

- chúrsaí sainspioraid agus cleachtais reatha na scoile ina leith,
- an bhfreastal ar gach páiste sa scoil ó thaobh sainspioraid de, agus
- na roghanna atá ar fáil don scoilphobal maidir le sainspiorad.

Ba mhór liom an deis teacht chun bualadh leis an mBord Bainistíochta agus eolas a roinnt libh mar gheall ar an bpróiseas seo. Is féidir teagmháil a dhéanamh liom ag an uimhir thíos chun tuilleadh sonraí a fháil.

Le dea-ghuá agus buíochas,

Sorcha Ní Mhistéil,
Bainisteoir Sainspioraid agus Athchumraithe,
086 - 8596292